# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# ARDLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar agus teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Cur chuige a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) |
|---|---|---|
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***sármhaith*** = 22-25 marc<br>***go han-mhaith*** = 17-21 marc<br>***go maith*** = 13-16 mharc<br>***réasúnta*** = 9-12 mharc<br>***lag*** = 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***sármhaith*** **=** 15-17 marc<br>***go han-mhaith*** = 12-14 mharc<br>***go maith*** = 9-11 mharc<br>***réasúnta*** = 6-8 marc<br>***lag*** = 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***sármhaith*** = 8-9 marc<br>***go han-mhaith*** = 6-7 marc<br>***go maith*** = 4-5 mharc<br>***réasúnta*** = 2-3 mharc<br>***lag*** = 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***Go han-mhaith:*** 16-20<br>***Go maith:*** 11-15<br>***Réasúnta:*** 6-10<br>***Lag:*** 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc – Mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Léirchruinneas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***Go han-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith:*** 5-6<br>***Réasúnta:*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***Go han-mhaith:*** 7-8
***Go maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB) (100 marc)***

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) Níor éirigh leis na polasaithe ar lean rialtais na hÉireann iad geilleagar inmharthana a chur ar fáil/Níl geilleagar inmharthana ag Éirinn. 5M

(b) Fanacht ar foscadh i gcónaí taobh thiar de bhac cosantaíoch agus/nó glacadh leis go gcaithfidh ár gcostais a bheith níos airde i gcónaí ná costais i dtíortha Eorpacha eile. 5M

(c) Áiteanna iargúlta sa tír (nó rud éigin ar aon dul leis sin). 5M

(d) Tá sé de nós ag oibrithe maithe oilte dul ar imirce. 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) **Léiríonn.** Léiríonn an dá dhoiciméad fadhbanna an-mhór le geilleagar na hÉireann. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

Doiciméad A: Níl geilleagar inmharthana ag Éirinn; meath geilleagrach i ndán di agus deireadh lena neamhspleáchas polaitiúil; costais níos airde in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na talmhaíochta ná mar atá i dtíortha Eorpacha eile; polasaithe an éadóchais a bheadh anseo agus chothódh sé ollghluaiseacht na n-imirceach amach as an tír; bheadh sé dodhéanta na 26 Contae a chaomhnú mar eintiteas geilleagrach; tá an táirgeacht le méadú agus le déanamh níos iomaíche chun bonn geilleagrach a chur faoi neamhspleáchas polaitíochta an Stáit; tá fadhbanna geilleagracha na hÉireann chomh holc sin gurbh fhearr dul ar ais arís sa Ríocht Aontaithe ná fanacht go dtí go mbeidh an meath geilleagrach níos follasaí.

Doiciméad B: Caitear an iomarca airgid ar scéimeanna caipitil neamhtháirgiúla agus ní chaitear a dhóthain ar tháirgiúlacht na talmhaíochta; cuireann an iomarca náisiúnachais as do dhul chun cinn tionsclaíochta maidir le tionscail a thabhairt isteach ó lasmuigh den tír agus is bac é an tAcht chun Déantúisí do Rialú agus an claonadh tionscail a lonnú in áiteanna iargúlta sa tír; meallann an t-éileamh ar lucht oibre sa Bhreatain Mhór oibrithe maithe oilte as Éirinn le dul ar imirce; tá sé de chosúlacht ar Éirinn gur sluma geilleagrach í; tá siad siúd a bhfuil fonn ar bith orthu iad féin a fheabhsú á fágáil go seasta.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

(b) Tugann an dá dhoiciméad le tuiscint go mbeidh sé deacair tionscail a mhealladh isteach ón iasacht. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

Doiciméad A: Mar gheall ar na coinníollacha a bhí i réim in Éirinn ag an am seo (bac cosantaíoch, meath geilleagrach) ní dócha go dtabharfadh tionscail ón iasacht fúthu anseo. Ní thiocfaidh déantóirí as tíortha eile isteach i dtír ina mbíonn na costais i gcónaí níos airde ná áiteanna eile. Tá an meath geilleagrach i réim in Éirinn. An argóint atá ag Whitaker, áfach, go bhfuil athruithe de dhíth agus gur gá d'Éirinn a cuid táirgeachta a mhéadú ar bhonn iomaíoch. Má thugtar na hathruithe riachtanacha isteach, d'fhéadfaí tionscail a mhealladh isteach ón iasacht le gnóthaí a bhunú anseo.

Doiciméad B: Tá go leor fáthanna i dtuairisc Stevens nach mealltar tionscail eachtracha go hÉirinn: drochroghanna infheistíochta; an iomarca náisiúnachais; an tAcht chun Déantúisí do Rialú; na suíomhanna mítharraingteacha a chuirtear ar fáil; easpa oibrithe oilte; is sluma geilleagrach í Éire. Níl aon rud sa sliocht seo a thabharfadh le tuiscint go mbeadh tionscail eachtracha ag iarraidh gnó a bhunú in Éirinn.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) **Ní dóigh**, ní fhoilseofaí meamram Whitaker ag an am sin.
D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

Ba státseirbhíseach é Whitaker a scríobh an meamram d'aon fhear amháin, James Ryan, an tAire Airgeadais úr. Is doiciméad príobháideach rialtais é seo nach gcuirfí ar fáil don phobal go ceann tamall maith ina dhiaidh sin. Tá friotal an doiciméid chomh diúltach sin nach mbeadh aon rialtas ag iarraidh an meamram seo a scaipeadh i measc an phobail. Ní bheadh an pobal in ann déileáil ar chor ar bith leis an moladh go rachadh Éire ar ais isteach sa Ríocht Aontaithe arís. Is éard ba chuspóir leis an moladh seo ná an tAire a spreagadh i mbun athchóiriú radacach geilleagrach.

*Marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc 10M

*Má fhreagraíonn an t-iarrthóir "**Is dóigh**", marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

(b) **Is ea agus/nó Ní hea**. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

Is foinse phríomhúil úsáideach é seo, cuntas finné súl bunaithe ar chuairt Stevens ar Éirinn in 1957; is tuairisc é, mar sin, tá friotal neamhchlaonta fíriciúil ann; is oifigeach de chuid Bhanc Shasana é an t-údar, fear a raibh saineolas aige ar chúrsaí airgeadais, rud a dhéanann a chuid torthaí níos údarásaí; tá dearcadh oibiachtúil, seachtrach aige ar fhorbairtí in Éirinn; tá an méid a scríobh sé soiléir agus furasta a thuiscint; sainaithníonn sé fadhbanna i ngeilleagar na hÉireann go soiléir agus tarraingíonn sé aird ar an difear idir teoiric agus réadúlacht.
Tá úsáid theoranta leis an bhfoinse seo: Is sliocht é Doiciméad B a bhfuil eagarthóireacht déanta air, rud a fhágann gur féidir go mbeadh pointí tábhachtacha comhthéacsúla nó cothromaithe caillte nó in easnamh; b'fhéidir gur dearcadh claonta atá ann atá dírithe ar lochtanna a aimsiú le geilleagar na hÉireann; tá sé iontach cáinteach ar Éirinn agus cuireann síos ar an tír mar shluma geilleagrach; tá friotal mórchúiseach agus dímheasúil ann.

*Marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc — Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc — Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc — 10M

### *4. Comhthéacsúchán (40 marc)*

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.

**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc **Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt.

Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;

(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta***: 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Go dona:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Lag:*** 2-3 mharc
***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

***ROINN 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| **Go dona:** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***Go han-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, e.g. tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí. |
| ***Lag:*** 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

<u>Freagair ceist amháin as **ceann amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815 1870**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Rath na fuascailte + teip na haisghairme)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Freagairtí rialtais + freagairtí príobháideacha)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cultúrtha + creidimh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870 1914**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (an chorraíl faoi chúrsaí talún + stailc agus an frithdhúnadh 1913)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (an méid a bhain Carson amach + na teipeanna a bhí aige)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cultúrtha + creidimh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912 1949**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (míleata + polaitiúil)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (príomhimeachtaí + tábhacht)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840 1966**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (an méid a mheall imircigh chun na Breataine + dúshláin)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949 1993**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Brookeborough + O'Neill)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Conspóid Chúil Raithin agus teannas i dTuaisceart Éireann)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné as TRÍ cinn le roghnú
DHÁ ghné (Sunningdale + an Comhaontú Angla-Éireannach + Dearbhú Shráid Downing)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Freagair ceist amháin as **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Robert Owen + Robert Peel)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné as trí cinn
(tús na troda + conas a troideadh an cogadh + litríocht an chogaidh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: Réimis (iolra)
Mura dtugtar ach réimeas AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (fadhbanna + chomh héifeachtach agus a déileáladh leo)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (forbairt + deireadh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (dealú + páirtíocht idirnáisiúnta)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ CHEANN nó níos mó de na hiarchoilíneachtaí
Mura dtugtar ach iarchoilíneacht AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (An Bhreatain + An Fhrainc)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: TRÍ ghné
(tuirlingt rathúil ar an ngealach + tábhacht náisiúnta + tábhacht idirnáisiúnta)
Mura dtugtar ach DHÁ CHEANN, Uasmhéid MC = 50 Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# ARDLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar agus teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús***<br>(uasmhéid = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a shonrú***<br>(uasmhéid = 3 mharc) | ***Cur chuige a shonrú***<br>(uasmhéid = 3 mharc) |
|---|---|---|
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = 2 | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***sármhaith*** = 22-25 marc<br>***go han-mhaith*** = 17-21 marc<br>***go maith*** = 13-16 mharc<br>***réasúnta*** = 9-12 mharc<br>***lag*** = 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***sármhaith*** **=** 15-17 marc<br>***go han-mhaith*** = 12-14 mharc<br>***go maith*** = 9-11 mharc<br>***réasúnta*** = 6-8 marc<br>***lag*** = 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***sármhaith*** = 8-9 marc<br>***go han-mhaith*** = 6-7 marc<br>***go maith*** = 4-5 mharc<br>***réasúnta*** = 2-3 mharc<br>***lag*** = 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc    Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***Go han-mhaith:*** 16-20<br>***Go maith:*** 11-15<br>***Réasúnta:*** 6-10<br>***Lag:*** 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc – Mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Léirchruinneas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***Go han-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith:*** 5-6<br>***Réasúnta:*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***Go han-mhaith:*** 7-8
***Go maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD BHUNAITHE (CDB) (100 marc)_**

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) 7000 marg/£4,666 in aghaidh na bliana. 5M

(b) Léas de réir nós an mhainéir (nó ar feadh téarma saoil). 5M

(c) Na coillte móra. 5M

(d) Seirbheáil thar lear. 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Sea, tarraingítear aird sa dá dhoiciméad ar an ngá le costais a laghdú.

Doic. A: Dúirt James Croft, Fear Ionaid an Rí, go raibh "costas an-mhór" ar an rialtas chun críoch Laoise agus Uíbh Fhailí a chosaint; molann sé go gcuideodh sé leis na costais a laghdú dá ndeonófaí léasanna éagsúla trí léas-sealbhóirí a spreagadh chun "tabhairt faoin infheistíocht chostasach atá riachtanach i gcomhair tógála agus cosanta". Tá garastún an Rí costasach ach tá an taobh tíre "fós gan saothrú". D'fhéadfadh roinnt iarrthóirí a áitiú in ainneoin fheasacht an scríbhneora faoi na costais a bhain leis an bplandáil nár thug sé treoir shoiléir ar bith go bhféadfaí na costais a laghdú.

Doic. B: Baineann cinntí na Ríchomhairle ar fad le cúrsaí faoin gcostas: Is oth leis an Ríchomhairle nach bhfuil Laois agus Uíbh Fhailí áitrithe go "rathúil" go fóill; tairgfear léasanna níos fearr má dhéanfar feabhsúcháin ar chostas na lonnaitheoirí iad féin; tá na coillte móra agus acmhainní eile an réigiúin le caomhnú, chun leas an rialtais is dóigh; tabharfar ceadúnas do shaighdiúirí chun seirbheáil thar lear toisc go ndéanfadh laghdú a mbeadh fáilte roimhe ar an gcostas "an-mhór" ar an mbunaíocht mhíleata in Éirinn.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc 10M

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = Uasmhéid 5M

(b) I measc dúshlán eile, le taobh na gcostas, bhí:

Doic. A: Easpa áitritheoirí; an gá le cosaint, go háirithe mar gur críoch "theorann" é; an "dianbhochtaineacht" / díbirt na léas-sealbhóirí atá ann; tá an taobh tíre "gan saothrú".

Doic. B: An gá le dúnta agus córais chosanta a thógáil; caomhnú na gcoillte móra agus acmhainní eile an réigiúin; an gá le "scata feirmeoirí " a spreagadh chun lonnú sa cheantar seachas a lán feirmeacha a bheith ag feirmeoir amháin.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc
Go maith = 3 mharc Réasúnta = 2 mharc
Lag = 0-1 mharc 10M

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = Uasmhéid 5M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is é an plean i nDoic. B an cineál léasa a thairgtear a athrú chun níos mó lonnaitheoirí a spreagadh isteach sa cheantar agus go n-íocfadh na lonnaitheoirí siúd na costais ar a gcóras cosanta féin. Táthar ag súil le méid an airm a laghdú freisin.

Is plean ciallmhar é toisc go bhfuil an ceantar "beagnach neamháitrithe" (Doic. A) agus teastaíonn níos mó lonnaitheoirí ann. Chuideodh athrú ó léasanna ar nós an mhainéir go léasanna saorsheilbhe, faoi mar a léirítear i nDoic. B, le níos mó lonnaitheoirí a mhealladh. Is mó seans go ndéanfadh na léas-sealbhóirí ruílse an "infheistíocht chostasach atá riachtanach" (Doic. A) chun an lonnaíocht a chosaint. D'aontaigh an Ríchomhairle leis na hathruithe ar na léasanna, "go háirithe dóibh siúd a thógann dúnta agus córais chosanta ar a gcostas féin" (Doic. B), ina ndeimhnítear go meastar gur plean ciallmhar é. Ba mhaith leis an Ríchomhairle leas a bhaint as an 'tsíocháin sa bhaile" freisin (Doic. B) chun méid an airm a laghdú, a chosnaíonn 7,000 marg in aghaidh na bliana (Doic. A). Cuireann sé fáilte roimh an deis an líon a laghdú trí cheadúnas a thabhairt do shaighdiúirí chun seirbheáil thar lear. Mar sin féin, d'fhéadfadh roinnt iarrthóirí a áitiú go mbeadh sé dainséarach do shlándáil na plandála dá dtabharfaí cead do shaighdiúirí Éire a fhágáil agus mar sin níl sé ciallmhar.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc 10M

(b) Áirítear le láidreachtaí an dá dhoiciméad le chéile:

Is sleachta iad an dá cheann ó Calendar of State Papers ó ré na dTúdarach in Éirinn agus tá léargas luachmhar iontu maidir leis an bpolasaí oifigiúil a bhí in Éirinn sna 1550í. Tá an dá litir sin ina gcuid de chomhfhreagras díreach idir príomhphearsana atá freagrach as rialtas na hÉireann. Tá tuairimí James Croft, Fear ionaid an Rí bunaithe ar a eispéiris in Éirinn, agus léiríonn litir na Ríchomhairle an dóigh a bhfreagraíonn Londain ar na forbairtí sin. Tá an dá litir ina bpríomhfhoinsí don ré.

Clúdaítear na topaicí céanna sa dá litir, amhail cén cineál léasanna a thairgfí, an gá le cosaint, an costas a bhaineann le plandáil a bhunú, etc., agus feicimid leo an dóigh a ndearnadh an polasaí rialtais a chruthú/a chur chun cinn mar fhreagairt ar imeachtaí de réir mar a tharla siad. Taispeánann na litreacha gur chuir an Ríchomhairle comhairle an Fhir Ionaid san áireamh maidir le léasanna agus gur athraigh sé a pholasaí chun freagra a thabhairt go héifeachtúil ar dhálaí a bhí ann.

Léiríonn an bhearna cúig mhí idir na litreacha chomh mall is a bhíodh an chumarsáid sna 1550í agus tugann sé léargas dúinn ar na deacrachtaí a bhí ag an bhFear Ionaid Croft agus é ag fanacht le treoracha ó Londain. Taispeántar leis an dóigh ar lorg sé cead chun an cineál léasanna a bhí á dtairiscint a athrú na teorainneacha a bhí ar a chumhacht in Éirinn.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*

| | |
|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | Go han-mhaith = 7-8 marc |
| Go maith = 5-6 mharc | Réasúnta = 3-4 mharc |
| Lag = 0-2 mharc | 10M |

## *4. Comhthéacsúchán (40 marc)*

Cad é an polasaí plandála a bhí i Laois/Uíbh Fhailí agus cé chomh maith agus a d’éirigh leis?

Tá **dhá** ghné sa cheist seo:
Cad é an polasaí plandála a bhí i Laois/Uíbh Fhailí?
Cé chomh maith agus a d’éirigh leis?

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.
**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc
**Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**
Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt. Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta***: 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Go dona:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Lag:*** 2-3 mharc
***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

***Roinn 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

- (i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
- (iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
- (iv) Pointe mar chuid d’argóint nó plé, agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
- (v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
- (vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| **Go dona:** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***Go han-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, e.g. tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí. |
| ***Lag:*** 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?

- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

<u>Freagair ceist amháin as **ceann amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 1603**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Baile Átha Cliath + an Pháil)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(bearta a rinneadh + cé chomh maith agus a d'éirigh leo?)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603 1660**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(sóisialta agus eacnamaíoch + creidimh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(cén fáth a raibh éirí amach ann + na teistíochtaí)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (feachtas míleata + socrú talún)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cultúr + creideamh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 1715**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ gné (Séarlas II + Séamas II)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné ("Náisiún na bProtastúnach" + na príomhcheisteanna polaitíochta a bhí ag déanamh imní dó)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: TRÍ ghné (cúiseanna + foirmeacha + torthaí)
   Mura dtugtar ach DHÁ CHEANN, Uasmhéid MC = 50 Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (i bhfabhar agus in éadan)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)*

Freagair ceist amháin ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567 1609**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Dul ar gcúl na Sean Eorpa, 1609 1660**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (forbairt + tionchar)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50
2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660 1715**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: TRÍ ghné
(forbairt + tionchar ar Shasana + tionchar ar an India)
Mura dtugtar ach DHÁ CHEANN, Uasmhéid MC = 50 Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715 1775**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (príomhsmaointe + ról an tsalóin)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné
(Tea Party + a ról i dtús a chur leis an Réabhlóid)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775 1815**

1. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (buanna agus briseadh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

Leathanach Bán